Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12997/1/22**
**REV 1**

**SOC 533**
**EMPL 365**
**ECOFIN 942**
**EDUC 333**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Príomhdhúshláin Shóisialta: Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta bunaithe ar an Athbhreithniú Bliantúil ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta<br>– Formhuiniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta bunaithe ar an athbhreithniú bhliantúil ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta (SPPM) agus ar fhorbairtí i mbeartais cosanta sóisialta, d’fhonn go bhformhuineoidh an Chomhairle iad an 17 Deireadh Fómhair 2022.

Is féidir teacht ar an tuarascáil ina hiomláine in 12997/22 ADD 1.

Tá Próifílí Tíre an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta (SPPM) atá i gceangal leis an tuarascáil seo le fáil in 12997/22 ADD 2-4.

# *Na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta*

# *Tuarascáil Bhliantúil 2022*

## *Athbhreithniú ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta (SPPM) agus ar fhorbairtí i mbeartais cosanta sóisialta*

## PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ

1. **Agus a shainordú mar a leagtar amach in Airteagal 160 CFAE é á chomhlíonadh aige, tá athbhreithniú bliantúil déanta ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) don Chomhairle ar an staid shóisialta san Aontas agus ar na forbairtí beartais sna Ballstáit,** bunaithe ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil. Ar an mbonn sin, cuireann SPC chun suntais na torthaí agus na tosaíochtaí coiteanna seo a leanas, ar cheart dóibh a bheith mar threoir don obair ullmhúcháin do Shuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023.

2. **In 2021, d'fhill an fás ar Bhallstáit an Aontais.** Ba chabhair é an staid sláintíochta a bheith ag feabhsú, chomh maith leis na gníomhaíochtaí comhordaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun tionchar phaindéim COVID-19 a mhaolú agus chun geilleagar an Aontais a fhilleadh ar an leibhéal aschuir a bhí aige roimh an bpaindéim i bhfómhar 2021. Tháinig laghdú ar an dífhostaíocht ó bhuaic 7.8 % le linn na paindéime ag deireadh 2020 go 6.0 % i lár 2022. Tháinig feabhas freisin ar ioncaim réadacha teaghlaigh in 2021.

3. **In 2022, chruthaigh cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin timpeallacht eacnamaíoch agus gheopholaitiúil nua.** Leis an méadú ar phraghsanna fuinnimh agus tráchtearrraí, leis an suaitheadh ar sholáthar agus leis an éiginnteacht a bheith ag dul i méid dá ndeasca, tá téarnamh iarphaindéime na hEorpa anois faoi bhagairt agus tá meath ag teacht ar an timpeallacht shóisialta agus eacnamaíoch. Tá an baol anois ann le praghsanna arda fuinnimh, an boilsciú a bheith ag dul i méid agus an gnáthchostas maireachtála a bheith imithe in airde go gcuirfear teaghlaigh i sáinn ghuagach eacnamaíoch, go háirithe teaghlaigh ísealioncaim a chaitheann codán níos mó dá n-ioncam ar fhuinneamh agus bia, agus go n-aisiompófar aon dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas maidir leis an dífhostaíocht, an bhochtaineacht agus an éagothroime a laghdú in a lán tíortha.

4. **Ba é an cogadh freisin ba chúis le géarchéim dhaonnúil ollmhór ina bhfuil breis agus 12 mhilliún Úcránach tar éis teitheadh óna dtír ó thús na coinbhleachta.** Tá an líon mór dídeanaithe atá ag plódú isteach san Eoraip ag cur brú ar acmhainneacht roinnt tíortha de chuid an Aontais chun iadsan atá ar a dteitheadh ón gcogadh a ghlacadh isteach agus cosaint a thabhairt dóibh agus tá ualach mór á chur aige ar na córais cosanta sóisialta agus cuimsithe sóisialta ar fud na hEorpa ar fad.

5. **Roimh ionradh na Rúise ar an Úcráin, bhí, ar an mórgóir, forbairtí dearfacha le tabhairt faoi deara sa staid shóisialta, le formhór na dtáscairí SPPM do 2021 ag tabhairt le fios go raibh na hathruithe a tháinig ar fud na mBallstát dearfach den chuid is mó, rud a léiríonn an tionchar a bhí á imirt ag an téarnamh agus rannchuidiú na gcóras cosanta sóisialta agus cuimsithe sóisialta, go háirithe:**

- **laghduithe ar an mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta** i mbreis is an tríú cuid de na Ballstáit, rud a léiríonn go háirithe an meath ar **ghéardhíth ábhartha agus shóisialta** in go leor tíortha, ach **forbairtí níos measctha** maidir le ráta riosca na bochtaineachta agus an sciar den daonra ina gcónaí i dteaghlaigh gan duine fostaithe nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe;

- **meath suntasach** ar **dhoimhneacht na bochtaineachta** i gcás an daonra i gcoitinne in thart ar aon trian amháin de na Ballstáit, mar aon le **titim** ar **mharthanacht na bochtaineachta** ina a leath de na tíortha, ar léiriú é i bpáirt ar na **méaduithe ar aistrithe sóisialta** in aon trian amháin de na Ballstáit;

- **tháinig feabhas ar staid leanaí i gcoitinne** i roinnt mhaith Ballstát, mar a léiríonn an titim ar riosca na bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta iontu, a ráta díthe ábhartha agus sóisialta agus an bhearna bhochtaineachta i gcás leanaí (cé gur tugadh méaduithe faoi deara freisin i gcás leanaí i seacht gcinn de na Ballstáit);

- **tháinig feabhas freisin ar staid na hóige**, agus tháinig laghdú ar ráta na NEETanna[1] agus thit líon na ndaoine óga a d'fhág an scoil go luath in aon trian amháin de na tíortha;

- bhí **méaduithe** leanúnacha **ar ráta fostaíochta na n-oibrithe scothaosta** in dhá thrian de na Ballstáit, rud a léiríonn feabhsuithe sa mhargadh saothair in 2021;

- tháinig **feabhas** ar an m**bochtaineacht agus ar an staid ioncaim choibhneasta i measc daoine scothaosta** (65 bliana d'aois nó níos sine), agus titim ar ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta ina measc i mbeagnach a leath de na tíortha.

---

[1] Iad siúd nach bhfuil fostaithe, i mbun oideachais ná faoi oiliúint.

6. **Mar sin féin, bhí roinnt réimsí ar cheart féachaint orthu maidir leis na forbairtí in 2021, eadhon:**

- méaduithe ar an ráta **dífhostaíochta fadtéarmaí** i mbeagnach aon trian de na Ballstáit;
- méaduithe ar an **sciar den daonra ina gcónaí i dteaghlaigh gan duine fostaithe nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe** in aon trian de na Ballstáit;
- forbairtí measctha i ndáil le roinnt **neamhionannais ioncaim**, le meath in aon trian de na Ballstáit ach méadú sa líon céanna tíortha a bheag nó a mhór.

7. **Leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, mar aon le príomhspriocanna an Aontais i réimsí na fostaíochta, scileanna agus laghdú na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, a áirítear sa phlean gníomhaíochta chun an Colún a chur chun feidhme, an creat is gá le haghaidh gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát.** Leis na gealltanais atá tugtha ag na Ballstáit, a cuireadh faoi bhráid airí fostaíochta agus gnóthaí sóisialta an Aontais i mí an Mheithimh 2022, baintear amach príomhspriocanna an Aontais nó téitear níos faide ná sin fiú. Ós rud é go bhfuil na spriocanna idirspleách agus go dtreisíonn siad a chéile, ba cheart gníomhaíochtaí beartais comhleanúnacha a dhéanamh ar fud na réimsí beartais. A mhéid a bhaineann leis an sprioc maidir le laghdú na bochtaineachta, i bhformhór na mBallstát, tá líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta fós seasmhach nó laghdaithe i gcomparáid le 2019.

8. **Sa timpeallacht luaineach atá ann faoi láthair, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit leanúint de bhearta beartais spriocdhírithe agus éifeachtúla a chur i bhfeidhm chun cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta a threisiú agus chun na rioscaí do theaghlaigh leochaileacha agus do dhaoine aonair leochaileacha a laghdú.** Ba cheart do bhearta lasmuigh de réimse an bheartais shóisialta rannchuidiú le feabhas a chur ar an staid shóisialta ar fud an Aontais. Ní mór ábhair imní shóisialta agus fostaíochta a chur san áireamh sna hathchóirithe uile, lena n-áirítear iad siúd lena dtugtar aghaidh ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach. Trí úsáid níos mó a bhaint as measúnuithe tionchair dáileacháin, is féidir éifeachtaí sóisialta díobhálacha a chosc.

9. **Is gá na córais cosanta sóisialta a neartú a thuilleadh chun a n-athléimneacht a mhéadú agus chun go mbeidh siad in ann na ndúshlán atá ann faoi láthair agus atá ar na bacáin a thabhairt.** Ní mór leanúint de phróiseas an nuachóirithe, atá ar siúl in go leor Ballstát, trí phrionsabail an chuimsithe ghníomhaigh a chur chun feidhme, agus béim á leagan ar thacaíocht leordhóthanach ioncaim, ar thacaíocht don lánpháirtiú sóisialta agus don rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, in éineacht le seirbhísí inacmhainne ar ardchaighdeán a sholáthar. Ba cheart tús áite a thabhairt i gcónaí do chumhdach na gcóras cosanta sóisialta a áirithiú d'oibrithe neamhchaighdeánacha agus do dhaoine féinfhostaithe. Tá gá le beartais éifeachtúla chun dul i ngleic leis an tsaincheist a éiríonn nuair nach nglactar le sochair, trí na próisis a shimpliú a thuilleadh agus trí chomhtháthú maidir le sochair a sholáthar agus trí thrédhearcacht na gcóras cosanta sóisialta a fheabhsú, le tacaíocht ó theicneolaíochtaí digiteacha.

10. **I bhfianaise thionchar sóisialta agus eacnamaíoch chogadh na Rúise ar an Úcráin, ní mór leanúint de na líontáin sábháilteachta sóisialta atá ann cheana a neartú, chomh maith leis na hiarrachtaí spriocdhírithe chun tacú leis na daoine is leochailí.** Ba cheart bearta chun maolú a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch atá ag praghsanna fuinnimh atá ag ardú, go háirithe do theaghlaigh ísealioncaim, iarrachtaí chun dul i ngleic leis an méadú atá ag teacht ar an easpa dídine agus ar an eisiamh tithíochta, tacaíocht do theaghlaigh agus do leanaí leochaileacha, chomh maith le tacaíocht leanúnach do dhídeanaithe ón Úcráin chun rochtain a fháil ar sheirbhísí bunriachtanacha agus ar mhargadh an tsaothair a choinneáil mar thosaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

11. **I gcomhthéacs an tsochaí a bheith ag dul in aois, an geilleagar agus na margaí saothair a bheith ag athrú, ba cheart leanúint de na hiarrachtaí chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras pinsean a áirithiú.** Ba cheart gníomhaíochtaí chun an aois inphinsin nó riachtanais ghairme, sochair nó rátaí carntha a choigeartú chun éabhlóid an ionchais saoil a léiriú a chomhlánú le straitéisí um aosú gníomhach agus le roghanna solúbtha oibre, lena n-áirítear an fhéidearthacht pinsin agus ioncam ón obair a chomhcheangal dá chéile, agus a áirithiú go gcaithfear go cothrom le hoibrithe a raibh gairmré fhada acu a chuaigh isteach i margadh an tsaothair go luath. Ba cheart do bheartais rochtain ar chórais phinsin a éascú do dhaoine i gcineálacha éagsúla fostaíochta neamhchaighdeánacha agus do dhaoine féinfhostaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna phinsin leanúnach idir na hinscní, beidh gá le rannpháirtíocht níos airde agus níos fearr i measc na mban sa mhargadh saothair, trí iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní, beartais tacaíochta do dhaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu — lena n-áirítear rochtain ar chúram ardcháilíochta inacmhainne, bearta tuismitheoireachta comhionanna chun athiontráil sa lucht saothair a éascú tar éis briseadh gairme, chomh maith le creidmheasanna cúraim nó sásraí eile, a chuirtear ar fáil chun cúiteamh a thabhairt do chúramóirí (mná den chuid is mó) as an am a chaitear as obair íoctha chun aire a thabhairt do bhaill teaghlaigh.

12. **Tharraing paindéim COVID-19 aird ar an ngá atá le hacmhainneacht na gcóras náisiúnta cúraim sláinte a threisiú chun feabhas a chur ar thorthaí sláinte an daonra agus chun freagairt níos fearr a thabhairt ar theagmhais ghéarchéime a bheidh ann amach anseo.** Chuige sin, tá comhtháthú agus comhordú níos láidre idir na hearnálacha sláinte agus sóisialta ríthábhachtach i gcónaí. Is príomhthosaíocht i gcónaí é soláthar seirbhísí a atreorú ó ospidéil go cúram príomhúil, lena n-áirítear trí infheistíochtaí a dhéanamh in aonaid cúraim sláinte príomhúla nua, trí réitigh ríomhshláinte a imscaradh níos mó agus trí fhócas athnuaite ar ghalair a chosc agus ar an tsláinte a chur chun cinn. Ba cheart acmhainneacht an lucht saothair leighis a threisiú, lena n-áirítear trí dheiseanna oiliúna méadaithe agus trí bhearta tacaíochta chun tarraingteacht ghairm an leighis a fheabhsú. Tá gá le dreasachtaí a ailíniú ar an leibhéal réigiúnach agus foréigiúnach, chomh maith le creataí measúnaithe cáilíochta náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dháileadh éagothrom gairmithe leighis agus chun cothromas a áirithiú ar fud na réigiún.

13. **Tá gá le rochtain ar chúram fadtéarmach atá leordhóthanach, inacmhainne agus ar ardchaighdeán a áirithiú i bhfianaise aosú an daonra san Aontas[2].** Ba cheart feabhas a chur ar leordhóthanacht na cosanta sóisialta le haghaidh cúram fadtéarmach, ionas go mbeidh cúram fadtéarmach tráthúil, cuimsitheach agus inacmhainne ann dóibh siúd a bhfuil sé de dhíth orthu. Ba cheart infhaighteacht cúraim fhadtéarmaigh a áirithiú i ngach suíomh, lena n-áirítear trí chúram baile agus cúram pobalbhunaithe a fhorbairt agus/nó a fheabhsú agus aird ar leith á tabhairt ar aghaidh a thabhairt ar bhearnaí críochacha. Ba cheart critéir agus caighdeáin ardcháilíochta a áirithiú i ngach suíomh cúraim fhadtéarmaigh agus ba cheart dearbhú cáilíochta a threisiú, chun freagairt ar laigí struchtúracha atá ann cheana maidir le cúram a sholáthar, agus éagsúlacht mhéadaitheach na seirbhísí cúraim, na suíomhanna cúraim agus roghanna na n-úsáideoirí cúraim á léiriú freisin. Tá gá le cineálacha cur chuige duinelárnaithe agus le seachadadh comhtháite seirbhísí, in éineacht le bearta coisctheacha agus tacaíocht do mhaireachtáil neamhspleách i ngach suíomh cúraim. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna agus ar ghanntanais oibrithe, lena n-áirítear trí dhálaí oibre cothroma a áirithiú. Ba cheart bearta a bheith ag gabháil le hiarrachtaí chun soláthar cúraim fhoirmiúil ar ardchaighdeán a threisiú, chun tacaíocht a thabhairt do chúramóirí neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear trí oiliúint, comhairleoireacht, tacaíocht shíceolaíoch, cúram faoisimh, tacaíocht chun cothromaíocht a bhaint amach idir saol na hoibre agus freagrachtaí cúraim agus tacaíocht airgeadais.

14. **I gcomhthéacs an chúraim i gcoitinne, tá gá freisin le bearta chun feabhas a chur ar infhaighteacht, cáilíocht agus inacmhainneacht oideachas agus chúram na luath-óige** chun tacú le dea-bhail, scileanna agus inniúlachtaí leanaí, chun tarchur na bochtaineachta ó ghlúin go glúin a bhriseadh, agus chun tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí sa mhargadh saothair

15. **Ba cheart na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar chumhdach agus ar leordhóthanacht na gcóras cosanta sóisialta, pinsean, cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh a chomhlánú trí mhachnamh a dhéanamh ar conas na córais sin a mhaoiniú, ós rud é go bhfuil an leordhóthanacht agus an inbhuanaitheacht fite fuaite ina chéile.** Cé go bhfuil an chothromaíocht idir foinsí éagsúla maoiniúcháin fós sonrach do gach Ballstát, bheadh sé áisiúil dá leanfaí de na pléití maidir le foinsí nua agus malartacha maoiniúcháin. Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'úsáid a bhaint as cistí Aontais atá ann cheana, go háirithe CSE+ agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chun tacú lena n-iarrachtaí ar athchóiriú.

---

**2** Gan dochar don chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair i ndáil leis an *Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar an gcúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán* (COM (2022) 441)

16. **Is uirlis chomhordúcháin éifeachtach i gcónaí é an Seimeastar Eorpach** chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach, iomaíochas, fostaíocht agus cosaint shóisialta leordhóthanach agus cuimsiú sóisialta a chothú. Ós rud é gur cuid de na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta iad go leor de na bearta athchóiriúcháin a rinne na Ballstáit, tá sé ríthábhachtach i gcónaí go mbeadh dlúthbhaint ag Comhairle EPSCO agus ag a comhlachtaí comhairleacha leis an bhfaireachán leanúnach ar chur chun feidhme na bpleananna sin.

17. Chun an Eoraip Shóisialta a neartú agus chun tacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí faoi seach, **ba cheart idirphlé cuiditheach a choinneáil ar bun idir institiúidí an Aontais, na Ballstáit, na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.**

18. Iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach an treoir bheartais thuasluaite a chur san áireamh san obair ullmhúcháin do Shuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023.